

## An tÚdarás Náisiúnta Iompair

# An Scéim Croíchonair Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach

### Cinneadh maidir leis an Scagadh Measúnachta Cuí

Tá an tÚdarás Náisiúnta Iompair (“an tÚdarás”) ag beartú an Scéim Croíchonair Bus ó Thamhlacht/Cluain Dolcáin go Lár na Cathrach (an “Scéim Bheartaithe”) a dhéanamh.

Tá an Scéim Bheartaithe thart ar 15.5 km ar fad ar an iomlán, agus tá aici saoráid bhreise rothaíochta as líne atá thart ar 3.9 km ar fad.

Beidh sí comhdhéanta de dhá phríomhchuid maidir leis an mbealach a leanann sí, eadhon an chuid ó Thamhlacht go Lár na Cathrach agus an chuid ó Chluain Dolcáin go Droimeanach.

Maidir leis an gcéad chuid, arb í an chuid ó Thamhlacht go Lár na Cathrach í, is é an t-acomhal idir Bóthar Bhaile Coimín agus Bealach Bhaile an Chócaigh a pointe tosaithe agus tá sí ródaíthe feadh Chearnóg Belgard Thiar, Chearnóg Belgard Thuaidh, Chearnóg Belgard Thoir agus Bhóthar Bhaile Coimín go dtí an t-acomhal idir Bóthar na nGlaschnoc/an R819 agus Páirc Bancroft. Ón áit sin, tá an Scéim Bheartaithe ródaíthe feadh Bhóthar na nGlaschnoc/an R819 go Timpeallán Bhaile Bhailcín trí nascbhóithre iompair nua: sa limistéar glas lastoir d’Ascaill Radharc na Beithe/Bóthar Ghort na gCrann, sa limistéar glas laistean d’Ascaill Bhaile an Mhóta, agus sa limistéar glas lastoir de Bhóthar Calmount. Ó Thimpeallán Bhaile Bhailcín, tá an Scéim Bheartaithe ródaíthe feadh Bhóthar Bhaile Bhailcín/an R819 go dtí an t-acomhal le Bóthar an Mhíle Fhada/an R110 agus le Bóthar Dhroimeanaigh. Is é an t-acomhal sin pointe tosaithe an dromlaigh atá comhroinnte le cuid Chluain Dolcáin, agus tá an Scéim Bheartaithe ródaíthe feadh an R110 go dtí an t-acomhal idir Sráid an Déin agus Sráid Phádraig trí Bhóthar Dhroimeanaigh, Bóthar na Cromghlinne, an Carnán, Sráid Chorcaí, Ascaill Lúcaís agus Sráid an Déin. Ón áit sin, tá an Scéim Bheartaithe ródaíthe feadh an R137 trí Shráid Phádraig go dtí an t-acomhal idir Sráid an Fhíona agus Plás Theampall Chríost, áit a gcríochnaíonn an Scéim Bheartaithe laistigh de Lár na Cathrach. Tá sé beartaithe saoráid rothaíochta as líne a éascú idir Timpeallán Bhaile Bhailcín agus Bóthar Parnell (an Chanáil Mhór), áit nach bhfuil saoráidí rothaíochta ó cheann ceann indéanta feadh na príomhchonaire agus a soláthraítear léi bealach níos díri i dtreo Lár na Cathrach. Tá an chuid as líne den Scéim Bheartaithe ródaíthe trí Bhóthar Bunting, Bóthar Chill Dara agus Bóthar an Chlochair.

Maidir leis an dara cuid, arb í an chuid ó Chluain Dolcáin go Droimeanach í, is é an t-acomhal idir Bóthar Nangair Nua agus Siúlán Áth na Coille a pointe tosaithe agus tá sí ródaíthe feadh Bhóthar Nangair Nua/an R134, Bhóthar Náis/an R810, Ascaill Bhaile Bhailcín/an R112 agus Bhóthar an Mhíle Fhada/an R110 go dtí an t-acomhal idir Bóthar Bhaile Bhailcín agus Bóthar Dhroimeanaigh, áit a bhfuil sí ródaíthe i dtreo Lár na Cathrach feadh na coda dromlaigh chomhroinnte mar atá tuairiscithe thuas.

Tá an Scéim Bheartaithe, lena soláthrófar saoráidí leithscartha rothaíochta, bonneagar tosaíocht bus agus saoráidí níos fearr do choisithe, suite laistigh de limistéir riaracháin Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

Ordaíodh do Scott Cawley Limited Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí a ullmhú don Scéim Bheartaithe chun breithniú, anailís agus measúnú a dhéanamh ar cé acu is dóigh nó nach dóigh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr agus bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus ar chuspóirí caomhantais an láithreáin Eorpaigh/na láithreán Eorpach (atá pléite tuilleadh thíos), go mbeidh éifeacht shuntasach ag an Scéim Bheartaithe ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile ar láithreán Eorpach/láithreáin Eorpacha.

Fuair an tÚdarás an Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí agus léigh sé í. Rinne sé breithniú ar a bhfuil inti agus ar na conclúidí agus ar an moladh atá leagtha amach inti. Tar éis dó an méid sin a dhéanamh, comhaontaíonn an tÚdarás leis na conclúidí agus leis na moltaí atá leagtha amach sa Tuarascáil maidir le Scagadh Measúnachta Cuí.

### **Cinneadh maidir leis an Scagadh Measúnachta Cuí**

Chinn an tÚdarás gur gá Measúnacht Chuí a dhéanamh ar an Scéim Bheartaithe toisc gurb amhlaidh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr agus bunaithe ar fhaisnéis eolaíoch oibiachtúil, nach féidir leis an Údarás, tar éis dó scagadh a dhéanamh, neamhaird a thabhairt ar an bhfíoras go dtarlóidh sé, in éagmais maolaithe, go bhféadfadh go mbeadh éifeacht shuntasach ag an Scéim Bheartaithe ina haonar nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile ar na 17 láithreán Eorpacha seo a leanas (cúig limistéar caomhantais speisialta agus 12 limistéar cosanta speisialta) i bhfianaise chuspóirí caomhantais na láithreán sin:-

1. **Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh,**
2. **Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas,**
3. **An Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse,**
4. **Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann,**
5. **Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin,**
6. **Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair,**
7. **Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse,**
8. **Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla,**
9. **Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla,**
10. **Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann,**
11. **Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin,**
12. **Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde,**
13. **Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill,**
14. **Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir,**
15. **Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí,**
16. **Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, agus**
17. **Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí.**

Rinne an tÚdarás an cinneadh sin tar éis breithniú a dhéanamh ar an timpeallacht éiceolaíoch bhonnlíne agus ar mhéid agus saintréithe na Scéime Beartaithe agus tar éis na tionchair fhéideartha seo a leanas a shainaithint:

- Caillteanas agus scoilteadh gnáthóige;
- Díghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha;
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh; agus
- Tionchair cur isteach agus dhífáithriúcháin.

Tá tuilleadh mionsonraí tugtha thíos faoi gach ceann de na tionchair fhéideartha a sainaitníodh.

### Caillteanas agus scoilteadh gnáthóige

Níl aon fhéidearthacht ann go dtiocfadh caillteanas agus scoilteadh díreach gnáthóige chun cinn mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe. D'fhéadfadh go dtiocfadh caillteanas gnáthóige chun cinn go hindíreach mar thoradh ar dhian-díghrádú gnáthóige a eascróidh as laghdú i gcáilíocht an uisce agus/nó as athrú ar an gcóras hidreolaíoch.

Maidir le speicis is Leasanna Caomhantais Speisialta ar ainmníodh Limistéir Chosanta Speisialta i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe ina leith, is eol go mbaineann siad úsáid as láithreáin bheathaithe ex-situ i limistéar Bhaile Átha Cliath (i.e., Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí).

Rinneadh suirbhé ar chúig láithreán fhéideartha beathaithe intíre laistigh d'achar na Scéime Beartaithe chun eolas a dhéanamh don mheasúnú. Tá sé beartaithe Campún Tógála TC3 a shuí i limistéar féaraigh idir Bóthar na nGlaschnoc agus Bóthar Ghort na gCrann. De bhreis air sin, caillfear féarach taitneamhachta idir Bóthar na nGlaschnoc agus Ascaill Radharc na Beithe chun cabhrú le raon rothar beartaithe a shuiteáil agus caillfear limistéar eile féaraigh chun freastal ar ghnéithe beartaithe córas draenála inbhuanaithe idir Bóthar na nGlaschnoc agus Corrán Bhaile Thigh Motháin. Taifeadh líon íseal faoileán scadán agus sléibhíní agus corr réisc amháin le linn na suirbhéanna ar éin gheimhridh.

Tá sé beartaithe Campún Tógála TC6 a shuí i limistéar laistigh de Pháirc Thigh Motháin, lastoir den M50. De bhreis air sin, beidh tógáil bhuan talún ag imeall an láithreáin sin ag teastáil freisin chun freastal ar an mbonneagar beartaithe do choisithe agus do rothaithe. Taifeadh faoileán ceandubh amháin agus dhá roilleach agus iad ag eitilt thar an láithreán seo le linn na suirbhéanna a rinneadh ar éin gheimhridh. Taifeadh líon íseal faoileán scadán agus droimneach beag ar Bhóthar Calmount freisin, áit a bhfuil sé beartaithe Campún Tógála TC7 a shuí ar feadh fhad na céime tógála. Sa deireadh, tá sé beartaithe Campún Tógála TC8 a shuí i bPáirc Bunting, áit ar taifeadh ealtaí faoileán ceandubh, faoileán scadán agus faoileán bán le linn na suirbhéanna a rinneadh ar éin gheimhridh.

Is é an toradh a bheidh ar Champúin Tógála TC3, TC6, TC7 agus TC8 a sholáthar chun oibreacha tógála in aice láimhe a éascú ná go gcaillfear gnáthóg oiriúnach éan geimhrithe ar feadh fhad thréimhse tógála na Scéime Beartaithe. Dar leis na sonraí a bailíodh ag na láithreáin sin le linn suirbhéanna ar éin gheimhridh a rinneadh le linn sheasúr éan geimhridh na bliana 2020-2021 agus na bliana 2021-2022, níor measadh na láithreáin sin a bheith ina n-acmhainní suntasacha sealgaireachta d'éin gheimhrithe, mar gheall ar an líon íseal éan a taifeadh ansin i gcomórtas lena bpobail náisiúnta nó idirnáisiúnta. Beag beann air sin, is amhlaidh, mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe, a chaillfear (ar feadh fhad na tréimhse tógála) láithreán

beathaithe oiriúnach intre do na speicis éan sin is leasanna caomhantais speisialta. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh tionchair a bheith ann ar speicis is leasanna caomhantais speisialta de chuid Limistéar Cosanta Speisialta mar thoradh ar chaillteanas/scoilteadh gnáthóige. Fágann sé sin go bhféadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn.

Maidir leis an dá speiceas éan creiche a bhfuil Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin ainmnithe ina leith, is amhlaidh, dar leis an treoir ó Scottish Natural Heritage, a mheastar an príomhraon sealgaireachta don fhabhcún gorm le linn shéasúr an ghoir a bheith cothrom le 2 km ó láithreán na neide, agus an fad is mó riamh a taifeadadh sa Bhreatain cothrom le 18 km. Le linn an gheimhridh, laghdaíonn an meánraon sealgaireachta go 3 km, agus an t-uasraon cothrom le 6.5 km. Mar an gcéanna, is eol go dtéann meirliúin ar thóir foráiste laistigh de 5 km ón gcéad láithreán eile le linn shéasúr an ghoir. Sa gheimhreadh, is gnách go laghdaíonn an fad sin go 500 m, ach bíonn sé chomh fada le 1.5 km in amanna. Tá Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin lonnaithe thart ar 7.3 km soir ó dheas ón Scéim Bheartaithe, rud is faide go mór ná gnáthraonta sealgaireachta an fhabhcúin ghoirm agus an mheirliúin. Dá bhrí sin, is féidir neamhaird a thabhairt ar éifeachtaí suntasacha dóchúla ar an dá speiceas éan sin is leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar chaillteanas/scoilteadh gnáthóige ex-situ.

Cé is moite den mhadra uisce, ní bheidh láthair ná tógáil na Scéime Beartaithe mar chúis le haon chaillteanas díreach ná aon scoilteadh maidir le gnáthóga Iarscibhinn I nó le gnáthóga tacaíochta do speicis Iarscibhinn II, ar ina leith atá láithreáin Eorpacha ainmnithe laistigh de chríos tionchair na Scéime Beartaithe. Maidir leis an madra uisce, is amhlaidh a thrasnaíonn an Scéim Bheartaithe an Chamóg ag láthair trasnaithe atá ann cheana ar laistigh di atá an abhainn lintéireach, cé nach dtrasnaíonn sí an Chamóg ag Páirc Gnó Bhóthar na Darach. Mar sin de, ní bheidh an abhainn faoi réir aon oibreacha ionsrutha nó aon athraithe ar an bhfearann atá áitithe ag madraí uisce faoi láthair.

#### **Díghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha**

D'fhéadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith mar chúis le díghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha le linn na céime tógála agus na céime oibríochtúla araon. Maidir le rith uisce éillithe dromchla chun srutha agus/nó eachtra doirte nó truaillithe de thaisme isteach in aon ghnéithe uisce dromchla le linn na tógála, nó le linn oibríochtaí, d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce sa timpeallacht uisceach glactha, rud ar féidir leis difear a dhéanamh d'aon speicis a úsáideann an timpeallacht uisceach sin. Baineann madraí uisce úsáid as gnáthóga bruachánacha chun críocha sealgaireachta agus comaitéireachta agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh siad a bheith i mbaol tionchar hidreolaíoch a fhulaingt. Is é Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin an láithreán Eorpach is gaire arb í an madra uisce an speiceas is leasanna cáilitheacha ina leith. Tá sé lonnaithe thart ar 5.3 km ó dheas ón Scéim Bheartaithe. Is gnách gurb ionann raon fearainn an mhadra uisce agus 7.5 km i gcás an mhadra uisce bhaininn agus 21 km i gcás an mhadra uisce fhirinn. Idirghníomhaíonn an Scéim Bheartaithe leis na sruthchúrsaí seo a leanas: An Poitéal, an Chamóg, an Chanáil Mhór, an Dothra (mar gheall ar Champún Tógála TC4 a thógáil agus mar gheall ar an rith éillithe féideartha gaolmhar chun srutha), Inbhear na Life Uachtarach agus Inbhear na Life Íochtarach. Cé go bhfuil na sruthchúrsaí sin lonnaithe laistigh de ghnáthraonta fearainn an mhadra uisce, níl nasc hidreolaíoch le Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin ach amháin ag an Dothra (An Dothra\_040). Chomh maith leis sin, tá cuid Thamlachta den Scéim Beartaithe lonnaithe laistigh den fho-dhobharcheantar céanna is atá Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin (fo-dhobharcheantar An Dothra\_SC\_010). Dá bhrí sin, tá féidearthacht ann go rachadh madraí uisce a bhaineann le Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin síos an abhainn agus go dtiocfadh siad laistigh de chríos tionchair na Scéime Beartaithe. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar laghdú i gcáilíocht an uisce mar thoradh ar eachtra truaillithe de thaisme (bíodh sé ina aonar nó i gcomhcheangal le brúnna eile ar cháilíocht an uisce) ná díghrádú na timpeallachta uiscí áitiúla, rud a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh faoi seach don phobal madraí uisce trí theagmháil dhíreach le truailléain nó trí laghdú sa chreach éisc. D'ainneoin na hidirghníomhaíochta teoranta idir Campún Tógála TC4 agus an Dothra, ní

féidir neamhaird a thabhairt ar dhíghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar an bpobal madraí uisce is leasanna cáilitheacha do Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin mar thoradh ar thionchar hidreolaíoch na Scéime Beartaithe.

Maidir leis na leasanna cáilitheacha eile don Limistéar Caomhantais Speisialta, is é atá iontu ná gnáthóga atá lonnaithe suas an abhainn ón Scéim Bheartaithe agus ní bheidh siad faoi réir aon tionchar hidreolaíoch mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.

De bhreis air sin, tá an Scéim Bheartaithe nasctha go hidreolaíoch le Cuan Bhaile Átha Cliath tríd an gCamóg (An Chamóg\_040), tríd an bPoitéal (An Poitéal\_010), trí Inbhear na Life Uachtarach agus trí Inbhear na Life Íochtarach, mar aon le gréasán comhcheangailte seanbhunaithe píobán séarachais/uisce dromchla a scaoileann trí Ionad Cóireála Fufolluisce na Rinne. Maidir le rith féideartha uisce éillithe dromchla chun srutha agus/nó eachtra doirte nó truailithe de thaisme isteach in aon ghnéithe uisce dromchla le linn na tógála, nó le linn oibríochtaí, d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh do cháilíocht an uisce sa timpeallacht uisceach glactha. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le heachtra truailithe féideartha den sórt sin: scaoileadh dríodair isteach in uiscí glactha agus méadú iarmhartach i solaid shlógtha chrochta; agus doirteadh agus/nó ligean éilleán de thaisme isteach in uiscí glactha. Cé go bhféadfadh eachtra den sórt sin tarlú ag aon am le linn na tógála, d'fhéadfaí an scéal sin a dhéanamh níos measa de bharr fársa a bhaint. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeadh eachtra/eachtraí an-substaintiúil ag teastáil chun cainníochtaí den sórt sin a ghiniúint, rud nach dóigh dó tarlú. In éagmais maolaithe, d'fhéadfaí na héifeachtaí a bhaineann le laghdú i gcáilíocht an uisce dromchla a bhrath píosa maith síos an abhainn ón bpointe scaoilte nó ó láthair na heachtra truailithe de thaisme. Ina haonar nó i gcomhcheangal le brúnna eile ar cháilíocht an uisce, d'fhéadfadh eachtra sách mór den sórt sin an bonn a bhaint de chuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach síos an abhainn ó Chuan Bhaile Átha Cliath (i.e., Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann agus Limistéar Cosanta Speisialta Oileán Dheilginse).

Is os cionn na líne barr láin a luíonn na gnáthóga is leasanna cáilitheacha a bhfuil Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair ainmnithe ina leith (i.e., aillte mara fásta [1230] agus fraochmhánna tirime Eorpacha [4030]). Ní mheastar truailiú a bheith ina bhagairt ná ina bhrú a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an Limistéar Caomhantais Speisialta sin agus ní mheastar é a bheith ina bhagairt shuntasach ná ina bhrú suntasach ar an ngnáthóg sin ar an leibhéal náisiúnta. Dá bhrí sin, is amhlaidh, maidir leis na gnáthóga is leasanna cáilitheacha i Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, nach mbeidh éifeachtaí ag díghrádú i gcáilíocht an uisce dromchla d'uisce cósta Chuan Bhaile Átha Cliath orthu, agus ní féidir neamhaird a thabhairt ar éifeachtaí suntasacha ina leith sin.

Sa chás féideartha is measa, is amhlaidh, maidir le rith uisce éillithe dromchla chun srutha agus/nó eachtra doirte nó truailithe de thaisme isteach in aon ghnéithe uisce dromchla le linn na tógála, nó le linn oibríochtaí, a d'fhéadfadh siad difear a dhéanamh freisin do speicis éan is leasanna caomhantais speisialta agus do speicis mamach is leasanna cáilitheacha a dhéanann comaitéireacht, a théann ar thóir foráiste agus a ligean a scíth ag Cuan Bhaile Átha Cliath, i.e., éin a bhaineann le Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí agus mamaigh mhuirí a bhaineann leis an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse agus Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann. Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar an laghdú sin i gcáilíocht an uisce (ina aonar nó i gcomhcheangal le brúnna eile ar cháilíocht an uisce) ná díghrádú gnáthóg íogair atá i láthair síos an abhainn, rud a d'fhéadfadh difear diúltach a dhéanamh do na speicis éan is leasanna caomhantais speisialta a théann ar thóir foráiste agus/nó

ar an bhfara ar na gnáthóga sin. D'fhéadfadh sé difear diúltach a dhéanamh do chainníocht agus cáilíocht na creiche atá ar fáil do phobail is leasanna caomhantais speisialta agus is leasanna cáilitheacha freisin. Sa chás is measa, is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar na tionchair fhéideartha sin ná an bonn a bhaint de chuspóirí caomhantais Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse agus Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann.

Ós rud é go bhféadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú gnáthóige agus le héifeachtaí ar na speicis is leasanna caomhantais speisialta agus ar na speicis mamach muirí is leasanna cáilitheacha a bhaineann le láithreáin Eorpacha atá lonnaithe i gCuan Bhaile Átha Cliath, mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha, d'fhéadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn.

#### **Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh**

Tá sé limistéar glúiní bioraí suite laistigh den Scéim Bheartaithe nó i ndlúthghaireacht di. Tá an speiceas sin liostaithe sa Tríú Sceideal a ghabhann leis na Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga Nádúrtha, 2011. Taifeadh ceithre cinn de na limistéir sin de ghlúineach bhiorach i limistéar scrobarnaí agus féaraigh neamhbhainistithe idir Bóthar Nangair agus Bóthar Uí Chillín. Tá sé beartaithe Campún Tógála TC1 a shuí sa limistéar seo. In éagmais aon mhaolaithe, tá féidearthacht ann go leathfadh an speiceas sin, nó go dtabharfaí isteach é, le linn oibreacha tógála agus/nó oibreacha gnáthchothabhála/bainistíochta a dhéanamh ar limistéir ghnáthóige talún i láithreáin Eorpacha síos an abhainn ó Chuan Bhaile Átha Cliath (i.e., Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann). Mar thoradh orthu sin faoi seach, d'fhéadfadh go ndíghrádófaí na gnáthóga atá ann cheana, go háirithe na gnáthóga sin nach mbíonn faoi sháile ar bhonn buan nó tráthrialta, rud a d'fhéadfadh a fhágáil go bhfaighfí an lámh in uachtar ar speicis dhúchasacha eile agus go ndéanfaí difear do chomhdhéanamh speiceas agus struchtúr fisiciúil na gnáthóige. Dá bhrí sin, tá seans ann go mbainfí an bonn de chuspóirí caomhantais na láithreán Eorpach sin dá leathfadh speicis ionracha neamhdhúchasacha nó dá dtabharfaí isteach iad.

Meastar nach bhféadfadh go leathfadh na speicis ionracha neamhdhúchasacha chuig láithreáin Eorpacha atá lonnaithe píosa maith ar shiúl ó láithreacha sceite na Camóige, an Phoitéil, na Canálach Móire, Inbhear na Life Uachtarach agus Inbhear na Life Íochtarach agus atá scartha ag mórdhobarlach muirí (i.e., Limistéar Caomhantais Speisialta Cheann Bhinn Éadair, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, agus Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse).

Ós rud é go bhféadfadh an Scéim Bheartaithe a bheith ina cúis le díghrádú gnáthóige na speiceas is Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Caomhantais Speisialta de chuid láithreán Eorpach mar thoradh ar leathadh speiceas ionrach neamhdhúchasach, d'fhéadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn i gcomhar le gníomhaíochtaí/pleananna/tionscadail eile.

#### **Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin**

Is é an toradh a d'fhéadfadh a bheith ar mhéadú sealadach agus/nó buan i leibhéal torainn, tonnchreatha agus/nó ghníomhaíocht an duine le linn chéim tógála na Scéime Beartaithe ná cur isteach ar na speicis fána atá i láthair i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe agus/nó na speicis sin a dhíláithriú. I gcás speiceas mamach amháil an madra uisce, ní mheasfaí go mbeadh na héifeachtaí cur isteach le sonrú níos mó ná 150



m ar shiúl. I gcás éan geimhrithe, ní mheasfaí go mbeadh na héifeachtaí cur isteach le sonrú níos mó ná thart ar 300 m ar shiúl toisc gurb amhlaidh, maidir leis na leibhéil torainn a bhaineann le gníomhaíochtaí tógála ginearálta, a thanódh siad gar do leibhéil chúlra ag an bhfad sin. Níl aon láithreáin Eorpacha ann laistigh de chríos tionchair cur isteach na Scéime Beartaithe.

Tá roinnt Limistéar Cosanta Speisialta cósta suite réasúnta gar don Scéim Bheartaithe, ar limistéir iad atá ainmnithe do speicis is leasanna caomhantais speisialta arb eol go dtéann siad ar thóir foráiste agus/nó ar an bhfara ag láithreáin intíre, amhail páirceanna imeartha ar fhéarach taitneamhachta, i.e., Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin agus Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, mar aon le Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí (cé gur cianláithreán atá suite lasmuigh den ghnáthraon 20 km é Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, tacaítear ann le cadhain agus le roinnt speiceas eile is leasanna caomhantais speisialta a thaifeadtar ó Chuan Bhaile Átha Cliath). Tá láithreáin oiriúnacha foráiste/fara lonnaithe laistigh de chríos tionchair féideartha na Scéime Beartaithe, ar láithreáin iad a mbaineann na speicis éan sin leas astu. Dá bhrí sin, tá féidearthacht ann go mbeadh tionchair cur isteach/dhláithriúcháin ann ar phobail is leasanna caomhantais speisialta a bhaineann le láithreáin Eorpacha mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.

Maidir leis na speicis éan creiche a bhfuil Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin ainmnithe ina leith (e.g., an meirliún agus an fabhcún gorm), ní thugtar i staidéar ó Ruddock & Whitfield, lenar áiríodh athbhreithniú ar staidéir roimhe ar an limistéar sin, aon fhad cinntitheach ar ina dhiaidh nach bhfuil an cur isteach ar an meirliún suntasach. Tugtar le tuiscint ann, áfach, gur féidir gur leor uasteorainn idir 300 m agus 500 m ar fad i gcás meirliún goir nó meirliún neadaithe. Mar an gcéanna, is dóigh gur leor fad idir 500 m agus 750 m le haghaidh fabhcún gorm goir. Agus cur chuige réamhchúraim á ghlacadh, is amhlaidh, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil maidir le faid cur isteach don mheirliún agus don fhabhcún gorm, is féidir teacht ar an gconclúid gur dhóigh go mbeadh an cur isteach ar na speicis éan sin le sonrú laistigh de 1 km (i.e., is é 1 km an crios tionchair cur isteach). Níl aon láithreáin Eorpacha ann laistigh de chríos tionchair cur isteach. Tá an láithreán Eorpach is gaire don Scéim Bheartaithe (Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin) lonnaithe thart ar 4.3 km ar shiúl. Chomh maith leis sin, ní ann d'aon limistéir ghnáthóige laistigh de chríos tionchair cur isteach na Scéime Beartaithe a chothaíonn pobail na speiceas is leasanna caomhantais speisialta a bhfuil Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin ainmnithe ina leith. Ag féachaint dá bhfuil thuas, níl aon fhéidearthacht ann go mbeadh tionchair cur isteach/dhláithriúcháin ag an Scéim Bheartaithe ar na speicis is leasanna caomhantais speisialta a bhfuil Limistéar Cosanta Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin ainmnithe ina leith.

Cé nár taifeadadh aon chomharthaí den chruidín le linn suirbhéanna allamuigh ar an Scéim Bheartaithe, is eol go bhfuil an cruidín, ar speiceas éan Iarscríbhinn I é, i láthair sa mhórlimistéar staidéir, go háirithe feadh na Camóige agus na Canálach Móire. Maidir le haon phobail cruidíní atá i láthair i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe, ní mheastar iad a bheith bainteach leis na pobail is leasanna caomhantais speisialta d'aon láithreán Eorpach. In amanna, leathann fearainn an chruidín thar 3 km go 5 km de dhobharcheantar abhann. Is é Limistéar Cosanta Speisialta na Bóinne agus na hAbhann Duibhe an Limistéar Cosanta Speisialta is gaire a bhfuil an cruidín ainmnithe ina leith. Tá sé lonnaithe thart ar 40.3 km ar shiúl. Dá bhrí sin, ní bhaineann na cruidíní atá i láthair i gcomharsanacht na Scéime Beartaithe le pobal Limistéar Cosanta Speisialta.

Cé nár taifeadadh aon chomharthaí madra uisce le linn suirbhéanna ildisciplíneacha allamuigh ar an Scéim Bheartaithe, is eol go dtacaíonn an Dothra, an Chamóg agus an Chanáil Mhór leis an madra uisce, ar speiceas mamach Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IV é. Is é Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin an Limistéar Caomhantais Speisialta is gaire don Scéim Bheartaithe a bhfuil an madra uisce ainmnithe ina leith. Tá sé lonnaithe thart ar 5.3 km ó dheas ón Scéim Bheartaithe. I dtaighde a rinneadh ar iompraíochtaí raonála an mhadra uisce ar abhainnchórais in Éirinn, aimsíodh go raibh raon an mhadra uisce bhaininn 7.5 km ar fad ar an meán agus go raibh raon baile an mhadra uisce fhirinn suas le 21 km ar

fad. Idirghníomhaíonn an Scéim Bheartaithe leis na sruthchúrsaí seo a leanas: An Poitéal, an Chamóg, an Chanáil Mhór, an Dothra (mar gheall ar Champún Tógála TC4 a thógáil agus mar gheall ar an rith éillithe gaolmhar chun srutha), Inbhear na Life Uachtarach agus Inbhear na Life Íochtarach. Cé go bhfuil na sruthchúrsaí sin lonnaithe laistigh de ghnáthraonta fearainn an mhadra uisce, níl nasc hidreolaíoch le Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin ach amháin ag an Dothra (An Dothra\_040). Chomh maith leis sin, tá cuid Thamhlachta den Scéim Beartaithe lonnaithe laistigh den fho-dhobharcheantar céanna is atá Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin (fo-dhobharcheantar An Dothra\_SC\_010). D'ainneoin na hidirghníomhaíochta teoranta idir Campún Tógála TC4 agus an Dothra, ní féidir neamhaird a thabhairt ar an bhféidearthacht go mbaineann an pobal madraí uisce i gcomharsanacht chuid Thamhlachta den Scéim Bheartaithe leis an bpobal atá i Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin. Dá bhrí sin, ní féidir neamhaird a thabhairt ar thionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin ar an bpobal madraí uisce is leasanna cáilitheacha do Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe.

Cé gur féidir go ndéanfaidh mamaigh mhara a bhaineann le láithreáin Eorpacha comaitéireacht agus sealgaireacht laistigh d'Inbhear na Life, meastar nach dóigh go mbeidh aon tionchair ann ar na speicis sin mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe toisc go bhfuil sí lonnaithe thart ar 6.7 km suas an abhainn ó Chuan Bhaile Átha Cliath, i dtimpeallacht rí-uirbithé agus in áit ar féidir le huisceleibhéil titim go laethúil, rud a laghdaíonn an dóchúlacht go rachaidh mamaigh mhara chomh fada sin suas an abhainn.

Ós rud é go bhféadfadh an Scéim Bheartaithe cur isteach ar na speicis is Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Caomhantais Speisialta de chuid láithreáin Eorpaigh nó na speicis sin a dhíláithriú, d'fhéadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal teacht chun cinn i gcomhar le gníomhaíochtaí/pleananna/tionscadail eile.

### Achoimre

Maidir leis an gcaillteanas gnáthóige *ex-situ*, na tionchair hidreolaíocha, na tionchair ar speicis ionracha neamhdhúchasacha agus na tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin a bhaineann leis an Scéim Bheartaithe, tá acmhainneacht acu difear a dhéanamh don timpeallacht glactha agus, dá bharr sin, do na cuspóirí caomhantais a thacaíonn leis na leasanna cáilitheacha/na leasanna caomhaird a thabhairt ar an aon láithreáin Eorpaigh/láithreán Eorpach. Dá bhrí sin, ní féidir neamhaird a thabhairt ar an acmhainneacht atá ag an Scéim Bheartaithe éifeachtaí suntasacha a bheith aici ar láithreán Eorpach/láithreáin Eorpacha.

Le linn measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go mbeadh éifeacht shuntasach ann ar aon láithreáin Eorpacha mar thoradh ar an Scéim Bheartaithe, ní chuirtear san áireamh aon bhearta atá beartaithe chun éifeachtaí dochracha na Scéime Beartaithe ar láithreáin Eorpacha a sheachaint nó a laghdú.

### Éifeachtaí i gcomhcheangal

D'fhéadfadh forbairtí atá beartaithe nó atá deonaithe, nó forbairtí a chuirfear chun feidhme faoi raon pleananna úsáid talún nó faoi phleananna eile, a bheith suite laistigh de láithreáin Eorpacha nó a bheith suite laistigh de láthair ina bhféadfadh siad teacht faoi chrios tionchair láithreán Eorpach a thagann freisin faoi chrios tionchair na Scéime Beartaithe.

I measc na bpríomhthionscadal forbartha a bhféadfadh éifeachtaí i gcomhcheangal a bheith acu de bharr a méide, a gcineáil agus/nó a láithreach tá Scéimeanna eile Croíchonairí Bus, MetroLink, uasghráduithe ar an mbonneagar iarnróid nó bonneagar nua iarnróid, agus bonneagar fónais, lena n-áirítear feabhas beartaithe nó toilithe ar fhóntais uisce.

Maidir leis an acmhainneacht atá ann go dtiocfadh éifeachtaí i gcomhcheangal chun cinn idir na pleananna agus na tionscadail sin agus an Scéim Bheartaithe, tagann sí as na conairí céanna le haghaidh éifeachtaí féideartha, mar atá sainaitheanta don Scéim Bheartaithe (i.e., éifeachtaí ar chaillteanas agus/nó scoilteadh gnáthóige, éifeachtaí hidreolaíocha, éifeachtaí ar speicis ionracha agus éifeachtaí cur isteach agus



díláithriúcháin). Is éifeachtaí iad sin a d'fhéadfadh gníomhú i gcomhcheangal le héifeachtaí agus conairí den chineál céanna a thiocfaidh as na pleananna éagsúla.

Dá bhrí sin, ní féidir an acmhainneacht atá ann go dtiocfadh na héifeachtaí seo a leanas chun cinn i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadaí eile a chur as an áireamh:

- Caillteanas gnáthóige (mar shampla, láithreáin Eorpacha atá i mbaol caillteanais ghnáthóige ex-situ: Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí);
- Díghrádú gnáthóige/éifeachtaí ar speicis is leasanna cáilitheacha/leasanna caomhantais speisialta mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha (mar shampla, laghdú i gcáilíocht an uisce i ndobharcheantair a dhraenálann chuig Cuan Bhaile Átha Cliath, rud a dhéanann difear do na cuspóirí caomhantais a thacaíonn le gnáthóga agus speicis uisceacha i Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair, an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse, Limistéar Caomhantais Speisialta Reachrann, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán Dheilginse, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhiolla, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí);
- Díghrádú gnáthóige mar thoradh ar speicis ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a leathadh i láithreáin Eorpacha atá síos an abhainn ón Scéim Bheartaithe (i.e., Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh, Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla agus Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann); agus,
- Tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin (mar shampla, láithreáin bheathaithe intíre ex situ a bhíonn in úsáid ag speicis éan geimhrithe is leasanna caomhantais speisialta laistigh de Chrios Tionchair cur isteach féideartha na Scéime Beartaithe i Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde, Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill, Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir, Limistéar Cosanta Speisialta Oileán na Sceirí, Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin, Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí, nó a bhíonn in úsáid ag speicis mamach is leasanna cáilitheacha, a bhfuil Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin ainmnithe ina leith).

### **Conclúidí an Phróisis Measúnachta Scagtha**

Tar éis scrúdú, anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha ar fad, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr, agus trí phrionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm, is féidir teacht ar an gconclúid gurb amhlaidh, in éagmais maolaithe, go bhféadfadh an tionscadal ina aonar nó i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadaí eile éifeachtaí suntasacha a bheith aige ar na láithreáin Eorpacha seo a leanas mar thoradh ar chaillteanas/scoilteadh gnáthóige, tionchair hidreolaíocha, tionchair ar speicis ionracha neamhdhúchasacha agus tionchair cur isteach agus dhíláithriúcháin: Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Thuaidh; Limistéar Caomhantais Speisialta Chuan Bhaile Átha Cliath Theas; an Limistéar Caomhantais Speisialta idir Cloch Dábhiolla agus Oileán Dheilginse; Limistéar Caomhantais

Speisialta Reachrann; Limistéar Caomhantais Speisialta Shléibhte Chill Mhantáin; Limistéar Cosanta Speisialta Chósta Cheann Bhinn Éadair; Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin Dheilginse; Limistéar Cosanta Speisialta Chloch Dábhíolla; Limistéar Cosanta Speisialta Oileán an Bhulla; Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Chuan Bhaile Átha Cliath Theas agus na Tulchann; Limistéar Cosanta Speisialta Inis Mac Neasáin; Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Mhullach Íde; Limistéar Cosanta Speisialta Chuan Bhaile Dúill; Limistéar Cosanta Speisialta Inbhear Bhaile Roiséir; Limistéar Cosanta Speisialta Oileáin na Sceirí; Limistéar Cosanta Speisialta Reachrann; agus Limistéar Cosanta Speisialta na Muirí.

Sular thángthas ar an gconclúid sin, rinneadh breithniú iomlán ar chineál an tionscadail agus ar a chaidreamh féideartha le gach láithreán Eorpach laistigh den chrios tionchair agus ar chuspóirí caomhantais na láithreán sin.

D'iarr an tÚdarás ar Scott Cawley Ltd. Ráiteas Tionchair Natura a ullmhú agus a thabhairt chun críche, rud a chuirfear faoi bhráid an Bhoird Pleanála i gcomhar le hiarratas ar cheadú don Scéim Bheartaithe.

Tá an cinneadh seo ar fáil lena iniúchadh ag Oifigí an Údaráis Náisiúnta Iompair, Dún Scéine, Lána Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, D02 WT20, agus ar an suíomh Gréasáin [www.busconnects.ie](http://www.busconnects.ie).

Sínithe: 

Le haghaidh agus thar ceann Bhord Chlár BusConnects an Údaráis Náisiúnta Iompair

Dátaithe:- [ 1st November 2022 ]